



C/2024/2915

6.5.2024

**Iarraidh ar réamhrialú ó rechtbank van eerste aanleg Oost-Vlaanderen Afdeling Gent (an Bheilg) a
taisceadh an 28 Nollaig 2023 Minister van Financiën v DRINKS 52 BVBA, NZ**

(Cás C-800/23, DRINKS 52)

(C/2024/2915)

Teanga an cháis: an Ollainnis

An chúirt a rinne an tarchur

Rechtbank van eerste aanleg Oost-Vlaanderen Afdeling Gent

Páirtithe sna príomhimeachtaí

Iarratasóir: Minister van Financiën

Cosantóir: DRINKS 52 BVBA, NZ

Páirtí eile: Openbaar Ministerie

Na ceisteanna a tharchuirtear

1. An bhfuil Airteagal 42 de Chód Custaim an Aontais le léiriú sa chaoi nach gcuirtear cosc leis ar reachtaíocht náisiúnta amhail Airteagal 220 den Algemene fluch inzake douane en accijnzen (an Dlí Ginearálta maidir le Custaim agus Dleachtanna Máil): 'AWDA', Airteagal 221(1) de AWDA, Airteagail 1382 agus 1383 de Burgerlijk Wetboek (an Cód Sibhialta) agus Airteagail 44 agus 50 den Strafwetboek (an Cód Coiriúil), ar dá réir, i bhfianaise phrionsabail ghinearálta dhlí an Aontais de réir bhrí Airteagal 6(3) CAE, nach bhfuil an t-ordú maidir le luach na n-earraí atá faoi réir dleacht mháil a íoc le haicmiú mar phionós de chineál coiriúil, fiú ar a laghad mar phionós, ach mar thoradh sibhialta ar an gciontú coiriúil, i gcás nach féidir na hearraí coigistithe atá faoi réir dleacht mháil a thabhairt ar láimh?
2. An bhfuil Airteagal 42 de Chód Custaim an Aontais le léiriú sa chaoi nach gcuirtear cosc leis, i bhfianaise phrionsabail ghinearálta dhlí an Aontais de réir bhrí Airteagal 6(3) CAE, go háirithe prionsabal na comhréireachta atá cumhdaithe freisin in Airteagal 49(3) den Chairt, reachtaíocht náisiúnta amhail an reachtaíocht a leagtar síos in Airteagal 220 de AWDA, Airteagal 221(1) de AWDA, Airteagail 1382 agus 1383 den Burgerlijk Wetboek agus Airteagail 44 agus 50 den Strafwetboek, ar dá réir a fhéadfadh ordú chun luach na n-earraí atá faoi réir dleacht mháil a íoc a fhorchur de bhreis ar ordú chun fineáil a íoc arna ríomh le hionraitheoir i ndáil leis na dleachtanna a seachnaíodh, i gcás nach féidir na hearraí coigistithe atá faoi réir dleacht mháil a thabhairt ar láimh,?
3. An bhfuil Airteagal 42 de Chód Custaim an Aontais le léiriú sa chaoi nach gcuirtear cosc leis, i bhfianaise phrionsabail ghinearálta dhlí an Aontais de réir bhrí Airteagal 6(3) CAE, go háirithe prionsabal na comhréireachta atá cumhdaithe freisin in Airteagal 49(3) den Chairt, reachtaíocht náisiúnta amhail an reachtaíocht a leagtar síos in Airteagal 220 de AWDA, Airteagal 221(1) de AWDA, Airteagail 1382 agus 1383 den Burgerlijk Wetboek agus Airteagail 44 agus 50 den Strafwetboek, ar dá réir, maidir le hordú chun luach na n-earraí atá faoi réir dleacht mháil a íoc, nach bhfuil aon chumhacht maolaithe ag an gcúirt náisiúnta chun imthosca sonracha an cháis a chur san áireamh, go háirithe staid airgeadais an duine chúisithe, i gcás nach féidir na hearraí coigistithe a thabhairt ar láimh?